**Ceist i gcomhair freagra ó bhéal O-000014/2023**
**ar an gCoimisiún**
Riail 136
**Sirpa Pietikäinen** (PPE), **Günther Sidl** (S&D), **Thomas Waitz** (Verts/ALE), **Andreas Schieder** (S&D), **Pascal Arimont** (PPE), **Emil Radev** (PPE), **Ivan Vilibor Sinčić** (NI), **Michaela Šojdrová** (PPE), **Markéta Gregorová** (Verts/ALE), **Margrete Auken** (Verts/ALE), **Marcel Kolaja** (Verts/ALE), **Niels Fuglsang** (S&D), **Kira Marie Peter-Hansen** (Verts/ALE), **Henna Virkkunen** (PPE), **Heidi Hautala** (Verts/ALE), **Raphaël Glucksmann** (S&D), **Benoît Biteau** (Verts/ALE), **Mounir Satouri** (Verts/ALE), **Gwendoline Delbos-Corfield** (Verts/ALE), **Manon Aubry** (The Left), **Aurélia Beigneux** (ID), **Sylvie Guillaume** (S&D), **Pierre Larrouturou** (S&D), **Pascal Durand** (S&D), **Nora Mebarek** (S&D), **Marina Mesure** (The Left), **Marie Toussaint** (Verts/ALE), **Eric Andrieu** (S&D), **Damien Carême** (Verts/ALE), **Anne-Sophie Pelletier** (The Left), **Tiemo Wölken** (S&D), **Martin Buschmann** (NI), **Marion Walsmann** (PPE), **Maria Noichl** (S&D), **Manuela Ripa** (Verts/ALE), **Stelios Kouloglou** (The Left), **Anna-Michelle Asimakopoulou** (PPE), **Mick Wallace** (The Left), **Grace O'Sullivan** (Verts/ALE), **Frances Fitzgerald** (PPE), **Clare Daly** (The Left), **Ciarán Cuffe** (Verts/ALE), **Mario Furore** (NI), **Laura Ferrara** (NI), **Anna Bonfrisco** (ID), **Petras Auštrevičius** (Renew), **Tilly Metz** (Verts/ALE), **Robert Biedroń** (S&D), **Sylwia Spurek** (Verts/ALE), **Elżbieta Katarzyna Łukacijewska** (PPE), **Andrzej Halicki** (PPE), **Francisco Guerreiro** (Verts/ALE), **Isabel Carvalhais** (S&D), **Dacian Cioloş** (Renew), **Martin Hojsík** (Renew), **Michal Wiezik** (Renew), **Malin Björk** (The Left), **Helmut Geuking** (PPE), **Alviina Alametsä** (Verts/ALE), **Anja Hazekamp** (The Left), **Matjaž Nemec** (S&D)

Ábhar: Toirmeasc ar mharú sicíní circe agus lachain óga i ndlí an Aontais

Meastar go maraíonn tionscail na n-uibheacha agus foie gras 330 milliún sicín lae agus na milliúin lachan óg bhaineann lae san Aontas gach bliain, trí mheilt nó trí ghású. Tá fulaingt mhór i gceist leis an ngnáthchleachtas sin agus téann sé i gcoinne Airteagal 13 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ina n-aithnítear gur neacha mothaitheacha iad ainmhithe.

Thairis sin, tá a gcúis imní i dtaobh leas ainmhithe curtha in iúl go soiléir ag saoránaigh na hEorpa, agus measann 82 % acu gur cheart cosaint níos fearr a thabhairt d’ainmhithe saothraithe.

Leis na forbairtí atá déanta sa teicneolaíocht in-ovo le déanaí is féidir gnéas an tsutha a chinneadh le linn na tréimhse goir roimh theacht amach, ar chostas teoranta. Ar an gcúis sin, tá roinnt Ballstát, amhail an Fhrainc agus an Ghearmáin, tar éis cosc a chur ar mharú sicíní fireanna. Mar sin féin, cruthaíonn na toirmisc sin saobhadh ar an margadh, agus uaireanta baineann na maoluithe sin an bonn óna n-éifeachtacht.

1. I bhfianaise an éilimh ríshoiléir sin ó shaoránaigh na hEorpa, an gcuirfidh an Coimisiún toirmeasc ar shicíní lae a mharú in earnáil na n-uibheacha ina thogra le haghaidh rialacháin nua maidir le leas ainmhithe feirmshaothraithe?

2. Más amhlaidh, an mbeidh feidhm ag an toirmeasc freisin maidir le marú lachan óg baineann lae ag an tionscal foie gras?

Curtha síos: 10.3.2023

Spriocdháta i gcomhair freagra: 11.6.2023